



|                                                             |                                             |
|-------------------------------------------------------------|---------------------------------------------|
| <b>Coláiste   Aonad Bainistíochta:</b>                      | Oifig an Sparánaí UCD                       |
| <b>Scoil   Aonad:</b>                                       | Oifig Airgeadais UCD                        |
| <b>Teideal an Phoist agus Réimse Ábhar (más ábhartha) :</b> | <b>Cúntóir Feidhmiúcháin Airgeadais</b>     |
| <b>Tréimhse an Phoist:</b>                                  | 1 Bliain - Sealadach                        |
| <b>Grád:</b>                                                | Cúntóir Feidhmiúcháin                       |
| <b>Cnuasach Poist agus Leibhéal Gairme:</b>                 | Bainistíocht Airgeadais – Leibhéal Gairme 1 |
| <b>Uimhir Thagartha um Jabmheastóireacht:</b>               | 2022-07-056                                 |
| <b>Bainisteoir Líne:</b>                                    | Ceann Aonaid nó Ainmní                      |
| <b>Uimhir Thagartha an Chomórtais:</b>                      | 018459                                      |
| <b>Riarthóir Acmhainní Daonna:</b>                          | Yasemin Ozdemir                             |
| <b>Costais Athlonnaithe:</b>                                | N/A                                         |
| <b>Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána:</b>                 | Ní Bhaineann                                |

### Achoimre ar an bPost:

Is mian leis an Oifig Airgeadais Cúntóir Feidhmiúcháin cumasach díograiseach a earcú chun oibriú laistigh de riarachán airgeadais.

Rachaidh an t-iarratasóir rathúil isteach i bhfoireann ghnóthach, d'fhéadfadh sé go n-áireofaí ar thascanna, ach gan a bheith teoranta dóibh, aire a thabhairt d'idirbhearta bainc laethúla atá á dtaifeadadh agus a bpróiseáil, admhálacha airgid thirim fhisiciúla a thaisceadh, mionairgead tirim a eisiúint agus a thaifeadadh, réiteach bainc, orduithe ceannaigh agus/nó sonraisc díolacháin a chruthú agus a fháil, imréitigh bainc custaiméara, bailiú fiachais agus tascanna eile de réir mar a d'fhéadadh an Bainisteoir Foirne nó an t-ainmní a shannadh.

Ba chóir go mbeadh taithí dhá bhliain ar a laghad ag iarrthóirí i dtimpeallacht cuntas gnóthach, ach tabharfar oiliúint iomlán ar an láthair oibre freisin.

Moltar do gach ball foirne a ngairmeacha agus a scileanna a fhorbairt trí fhreastal ar chúrsaí oiliúna agus trí oideachas leanúnach. Spreagfar agus tacófar leis an iarrthóir a n-éireoidh leis/léi cáilíocht chuntasaíochta a leanúint.

I measc na scileanna a theastaíonn tá uimhearthacht, cruinneas agus aird ar mhionsonraí. Beidh sárscileanna cumarsáide agus oibre foirne ag an iarrthóir a n-éireoidh leis/léi chomh maith.

Ba chóir d'iarrthóirí a bheith in ann oibriú as a stuaim féin chomh maith le bheith ag obair mar chuid d'fhoireann ghnóthach agus ghairmiúil.

Beidh scileanna cumarsáide scríofa agus béil den scoth ag an iarrthóir rathúil freisin.

### Príomhdhualgais agus Príomhfhreagrachtaí:

- Idirbhearta laethúla bainc a thaifeadadh agus a phróiseáil.
- Admhálacha fisiceacha (seiceanna agus airgead tirim) a thaisceadh.
- Mionairgead a eisiúint chuig ranna agus scoileanna UCD.

- Leabhair chúnta a chruthú agus/nó a phróiseáil.
- Freagra a thabhairt ar cheisteanna cuntasáíochta ó Fhoireann an Choláiste agus ó pháirtithe seachtracha.
- Orduithe ceannaigh agus/nó sonraisc díolacháin a phróiseáil agus a fháil.
- Cuntais bhainc a réiteach.
- Cuntais do chustaiméirí agus/nó do sholáthraithe a réiteach.
- Pointe teagmhála tosaigh le haghaidh bailiú fiachais.
- A chinntiú go leantar próisis na hOifige Airgeadais i gcónaí.
- Dualgais eile a d'fhéadadh an Bainisteoir Foirne nó an t-ainmní a shannadh.

## 95 Cúntóir Feidhmiúcháin\_2013 Scála Tuarastail: €31,714 – €47,950 in aghaidh na bliana

Déanfar an ceapachán ar scála agus de réir threoirilínte na Roinne Airgeadais.

Tá sonraí maidir le hincháilitheacht don iomaíocht agus eolas faoi phinsean le fáil ag

<https://www.ucd.ie/hr/resourcing/eligibilitytocompete/>

Fáiltíonn UCD roimh iarratais ó chách. Táimid tiomanta do thimpeallacht a chruthú ina ndéantar an éagsúlacht a cheiliúradh agus ina dtugtar comhionannas deiseanna do chách. Foghlaim tuilleadh faoin Éagsúlacht ag

<https://www.ucd.ie/workatucd/diversity/>

### Critéir Roghnúcháin

Tá Creat Teaghlaigh Poist ag UCD agus tá an ról seo mar chuid den Teaghlach Poist um Bainistíocht Airgeadais agus ailíníonn sé le Leibhéal Gairme 1. Tá tuilleadh sonraí maidir leis na hinniúlachtaí feidhmiúla agus na príomhinniúlachtaí leagtha amach sa Chreat Teaghlaigh Poist ar fáil ag:

<https://www.ucd.ie/hr/promotionsgrading/jobfamilies/>

Éigeantach:

### Taithí agus Cáilíochtaí

- Taithí 2 bhliain ag obair i ról airgeadais.
- Eolas agus taithí ar obair ar phacáiste airgeadais comhtháite.
- Taithí ar réiteach casta cuntas bainc agus rialaithe.
- Eolas ar chuntasaíocht iontrála dúbailte.
- Scileanna TF: Scileanna maithe Excel agus Word.
- Teicniúil: Scileanna anailíseacha agus réitigh fadhbanna láidre.
- Réiteach: Tuiscint shoiléir ar an bpróiseas réitigh agus ar an tábhacht atá leis sa timpeallacht airgeadais.
- Rialuithe Airgeadais: Tuiscint shoiléir ar an tábhacht a bhaineann le rialuithe airgeadais.

### Inniúlachtaí Feidhmiúla

- Timpeallacht Ghnó: Tuiscint mhaith ar obair na hOifige Airgeadais.

### Príomhinniúlachtaí

- **Caidrimh a Fhorbairt:** Léiríonn sé/sí scileanna forbartha caidrimh trí chaidrimh éifeachtacha a fhorbairt laistigh dá réimse féin agus réimsí níos leithne.
- **Cumarsáid Éifeachtach a Dhéanamh:** Léiríonn sé/sí scileanna cumarsáide láidre tríd an gcumas chun eolas agus smaointe a chur in iúl do dhaoine agus iad a roinnt leo, éisteacht go cúramach, tuiscint a shoiléiriú agus dearcthaí éagsúla a mheas.
- **Pleanáil agus Eagrúcháin:** Léiríonn sé/sí scileanna pleanála agus eagraíochta a bhfuil cumas soiléir aige/aici obair a sceidealú in ord tosaíochta láithreach agus ag féachaint ar na hacmhainní atá ar fáil.

- **Tionscnaíocht a Ghlacadh:** Cumas láidir chun tionscnaíocht a ghlacadh trí ghníomhú go luath chun dul i ngleic le fadhbanna agus chun iad a shocrú agus chun teacht ar réitigh.
- **Fócas Seirbhíse agus Nuálaíocht:** Cumas seirbhís d'ardchaighdeán a sholáthar chun ionchais na bpáirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha go léir a chomhlíonadh.

#### Inmhianaithe:

- Céim sa Ghnó.
- Ag gabháil do scrúduithe cuntasáíochta nó scrúduithe teicneora cuntasáíochta.
- Forbairt gairme go dtí seo.
- Taithí ar Ríomhairgeadas.
- Feasacht ar CBL.

#### **Eolas Breise:**

|                                               |                                                                                               |
|-----------------------------------------------|-----------------------------------------------------------------------------------------------|
| An Ollscoil:                                  | <a href="https://www.ucd.ie/">https://www.ucd.ie/</a>                                         |
| Straitéis 2030 UCD: Teorainneacha a Shárú:    | <a href="https://strategy.ucd.ie/">https://strategy.ucd.ie/</a>                               |
| An Coláiste/Aonad Bainistíochta:              | <a href="https://www.ucd.ie/finance/">https://www.ucd.ie/finance/</a>                         |
| An Scoil/Oifig an Chláir/Aonad:               | <a href="https://ucdestates.ie/">https://ucdestates.ie/</a>                                   |
| Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú ag UCD: | <a href="https://www.ucd.ie/workatucd/diversity/">https://www.ucd.ie/workatucd/diversity/</a> |

#### **Fiosrúcháin Neamhfhoirmeálta AMHÁIN chuig:**

|                      |                                                                |
|----------------------|----------------------------------------------------------------|
| Ainm:                | Sandra O'Dwyer                                                 |
| Teideal:             | Bainisteoir Sinsearach, Anailísíocht Taighde agus Tionchar     |
| Seoladh ríomhphoist: | <a href="mailto:sandra.odwyer@ucd.ie">sandra.odwyer@ucd.ie</a> |